



An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2026
(OR. en)

9701/26
COR 1 ADD 1

EF 160
ECOFIN 674
DELECT 91

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 3226 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála chun cód iompair de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3226 annex.

Faoi iamh: C(2026) 3226 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2026
C(2026) 3226 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

**lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a
mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála chun cód iompair de chuid an
Aontais a bhunú le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe**

IARSCRÍBHINN

Cód iompair an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe

Clásal 1

1. Ní fhéadfar taighde infheistíochta a lipéadú mar ‘thaighde eisitheoir-urraithe’ ach amháin i gcás ina dtáirgtear é i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos ina dhiaidh seo.
2. Ní chuimsítear le taighde a lipéadaítear mar ‘thaighde eisitheoir-urraithe’ tráchtairacht trádála agus seirbhísí comhairleacha trádála saincheaptha eile a bhfuil dlúthbhaint acu le hidirbheart a fhorghníomhú in ionstraimí airgeadais nach moladh infheistíochta iad mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (35), de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Clásal 2

Beartas agus bearta chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh

1. Rinne soláthraithe taighde eisitheoir-urraithe beartas éifeachtach coinbhleachtaí leasa a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun i ndáil le taighde eisitheoir-urraithe. Sonraítear leis an mbeartas na bearta a dhéanann na soláthraithe sin chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh.
2. Tá clár bunaithe ag soláthraithe taighde eisitheoir-urraithe de gach coinbhleacht leasa shainaitheanta atá ann cheana agus a d’fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis an taighde agus d’aon bheart a dhéantar chun na coinbhleachtaí sin a chosc nó a bhainistiú, agus coimeádann siad an clár sin cothrom le dáta.
3. I gcás ina gcuirtear soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe ar an eolas faoi sárú féideartha ar an mbeartas coinbhleachtaí leasa, nó i gcás ina sainaitníonn sé sárú féideartha ar an mbeartas coinbhleachtaí leasa, déanann an soláthraí sin imscrúdú agus cuireann sé an t-eisitheoir ar an eolas gan moill mhíchúí faoin sárú féideartha agus faoi na bearta a rinneadh chun an sárú sin a chosc nó, i gcás inar gá, chun an sárú sin a leigheas nó chun é a bhainistiú go leormhaith.
4. Déanann soláthraithe taighde eisitheoir-urraithe measúnú agus athbhreithniú tréimhsiúil, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ar a mbeartas coinbhleachtaí leasa.

Clásal 3

Oibiachtúlacht agus neamhspleáchas an taighde eisitheoir-urraithe

1. Ní dhéantar dochar do neamhspleáchas ná d’oibiachtúlacht an taighde eisitheoir-urraithe mar gheall ar an taighde a bheith urraithe.
2. Cuireann soláthraithe taighde eisitheoir-urraithe socruithe eagraíochtúla leordhóthanacha chun feidhme maidir leis na páirtithe seo a leanas: i) na hanailísithe taighde a bhfuil baint acu le taighde eisitheoir-urraithe a tháirgeadh agus ii) daoine eile a bhféadfadh a bhfreagrachtaí nó a leasanna gnó a bheith i gcoinbhleacht le leasanna na ndaoine a scaiptear an taighde eisitheoir-urraithe orthu. Áirithítear leis na socruithe eagraíochtúla sin go mbíonn neamhspleáchas agus oibiachtúlacht leormhaith ann agus an taighde eisitheoir-urraithe á tháirgeadh, agus go dtáirgtear é faoi na coinníollacha céanna a chuirtear i bhfeidhm maidir le taighde nach taighde eisitheoir-urraithe é.
3. Áirithítear an méid seo a leanas, ar a laghad, leis na socruithe eagraíochtúla dá dtagraítear i mír 2:

- (a) níl aon difríocht idir:
- (i) cáilíochtaí na n-anailísithe atá ag obair ar thaighde eisitheoir-urraithe agus cáilíochtaí na n-anailísithe sin atá ag obair ar thaighde neamhurraithe;
 - (ii) na hacmhainní a chuirtear ar fáil chun taighde eisitheoir-urraithe a tháirgeadh agus na hacmhainní sin a chuirtear ar fáil chun taighde neamh-urraithe a tháirgeadh;
 - (iii) an cineál ábhair atá i dtaighde eisitheoir-urraithe agus an cineál ábhair atá i dtaighde neamhurraithe, lena n-áirítear cás ina ndáileann soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe an dá chineál taighde faoi dhá bhranda éagsúla;
- (b) anailísithe taighde agus daoine eile a bhfuil baint acu le taighde eisitheoir-urraithe a tháirgeadh, ní dhéanann siad idirbhearta pearsanta ná trádáil, seachas, i gcás inarb ábhartha, mar chruthaitheoirí margaidh atá ag gníomhú de mheon macánta agus i ngnáthchúrsa cruthaithe margaidh nó i bhforghníomhú ordaithe cliaint gan iarraidh, thar ceann aon duine eile, lena n-áirítear an gnólacht infheistíochta, in ionstraimí airgeadais a mbaineann an taighde eisitheoir-urraithe leo, nó in aon ionstraim airgeadais ghaolmhar, agus eolas acu ar uainiú nó ábhar dóchúil an taighde eisitheoir-urraithe nach bhfuil ar fáil go poiblí nó nach bhfuil ar fáil do na daoine ar cheart é a scaipeadh orthu agus nach féidir a thuiscint go héasca ó fhaisnéis atá ar fáil, go dtí go mbeidh deis réasúnach ag faighteoirí an taighde eisitheoir-urraithe gníomhú i leith an taighde sin;
- (c) in imthosca nach gcumhdaítear le pointe (b), anailísithe taighde agus aon duine eile a bhfuil baint aige le taighde eisitheoir-urraithe a tháirgeadh, ní dhéanann siad idirbhearta pearsanta ná trádáil in ionstraimí airgeadais lena mbaineann an taighde eisitheoir-urraithe, ná in aon ionstraim airgeadais ghaolmhar, ach amháin in imthosca eisceachtúla agus le formheas roimh ré ó chomhalta d'fheidhmeannas dlíthiúil nó comhlíontachta sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe;
- (d) tá deighilt fhisiceach ann idir na hanailísithe taighde a bhfuil baint acu le táirgeadh taighde eisitheoir-urraithe agus daoine eile a bhféadfadh a bhfreagrachtaí nó a leasanna gnó a bheith i gcoinbhleacht le leasanna na ndaoine a scaiptear an taighde eisitheoir-urraithe orthu nó, i gcás ina meastar go bhfuil deighilt fhisiceach díréireach le méid agus le heagrú an ghnólachta, nó le cineál, scála agus castacht a ghnó, tá bacainní malartacha iomchuí eile ann ar scaipeadh faisnéise;
- (e) soláthraithe taighde eisitheoir-urraithe, anailísithe taighde agus daoine eile a bhfuil baint acu le táirgeadh taighde eisitheoir-urraithe, ní gheallann siad taighde fabhrach don eisitheoir;
- (f) sula scaipfear taighde eisitheoir-urraithe, ní cheadaítear d'eisitheoirí ná d'aon duine ábhartha seachas anailísithe taighde athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht de thaighde eisitheoir-urraithe chun cruinneas na ráiteas fíorasach a dhéantar sa taighde sin a fhíorú nó chun aon chríche eile seachas comhlíonadh oibleagáid dhlíthiúil an ghnólachta a fhíorú, i gcás ina n-áirítear moladh nó spriocphraghas sa dréacht;

- (g) anailísí taighde a tháirgeann taighde eisitheoir-urraithe, tá sé freagrach as an gcaidreamh leis na meáin agus as ábhar postálacha ar na meáin shóisialta, agus as a áirithiú go gcuirfear i gcuimhne go córasach d'aon iriseoir a bhféadfadh an t-anailísí sin teagmháil a dhéanamh leis go bhfuil Conradh taighde eisitheoir-urraithe ann leis an eisitheoir;
- (h) níl baint dhíreach ná indíreach ag anailísithe taighde le sirtheoireacht tráchtála ná le caibidlíocht conartha leis an eisitheoir seachas idirghníomhaíochtaí is gá chun gur féidir leis an eisitheoir saineolas na n-anailísithe i réimse sonrach a mheas nó, i gcás ina bhfuil an leithscaradh dualgas sin díréireach le méid agus le heagrú sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe, nó le cineál, scála agus castacht a ghnó, go bhfuil bearta iomchuí eile ann chun coinbhleachtaí leasa a thagann chun cinn sna cásanna sin a chosc nó a bhainistiú.

Ciallaíonn an téarma ‘ionstraim airgeadais ghaolmhar’ sa chlásal seo aon ionstraim airgeadais a ndéanann gluaiseachtaí praghsanna in ionstraim airgeadais eile, atá faoi réir taighde eisitheoir-urraithe, difear mór dá praghas.

- 4. I gcás ina n-úsáideann soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe anailísí tríú páirtí le haghaidh na hanailíse uile nó cuid di, áirithíonn an soláthraí sin go gcomhlíonann an t-anailísí tríú páirtí sin na ceanglais a leagtar amach sa chlásal seo agus i gClásal 2 den chód iompair seo de chuid an Aontais.
- 5. Ní dhéanann an t-eisitheoir, ná aon duine atá ag gníomhú thar a cheann, aon ghníomhaíocht dhíreach nó indíreach a dhéanann difear do sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe, dá fhostaithe nó dá fhochonraitheoirí agus arb é is aidhm di tionchar a imirt ar ábhar an taighde.

Clásal 4

Taighde eisitheoir-urraithe a shainithint agus faisnéis shainordaitheach

- 1. Déanann soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe na nithe uile seo a leanas a thaispeáint go feiceálach, lena n-áirítear i gcás cumarsáid leictreonach:
 - (a) na focail ‘taighde eisitheoir-urraithe’ agus léiriú soiléir go n-ullmhaítear an taighde i gcomhréir leis an gcód iompair seo de chuid an Aontais ar an leathanach tosaigh agus ar aon leathanach cumhdaigh den anailís;
 - (b) na focail ‘taighde eisitheoir-urraithe’ ar gach leathanach den anailís sin.
- 2. Áirítear le taighde eisitheoir-urraithe achoimre bheacht lena sonraítear gach ceann díobh seo a leanas:
 - (a) cé acu a d’íoc an t-eisitheoir go páirteach nó a d’íoc sé go hiomlán as an taighde sin, agus go ndearnadh an taighde eisitheoir-urraithe i gcomhréir leis an gcód iompair seo de chuid an Aontais;
 - (b) cé acu atá nó nach bhfuil taighde eisitheoir-urraithe cáilithe mar aon cheann díobh seo a leanas:
 - (i) ‘poiblí’ agus inrochtana ag gach infheisteoir i gcomhréir le Clásal 6 den chód iompair seo de chuid an Aontais;
 - (ii) ‘forchoimeáda ar feadh tréimhse éiginnte’ nó ‘forchoimeáda go dtí “ll.mm.bbbb”’ agus gan rochtain bhuan ná rochtain go dtí dáta áirithe air, dá bhrí sin, ach amháin ag infheisteoirí a rinne ranníocaíocht as an taighde sin;

- (c) an áit ar féidir teacht ar bheartas coinbhleachtaí leasa sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe;
- (d) cé acu is mó ná 5 % d'ollioncam comhdhlúite sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe sa bhliain airgeadais roimhe sin an t-ioncam a ghintear i) ó íocaíocht an eisitheora leis an soláthraí taighde, ii) ó fhoinsí ioncaim eile a bhaineann leis an eisitheoir nó iii) ón taighde eisitheoir-urraithe. Más amhlaidh atá, sonraítear an céatadán ábhartha, agus déantar na bearta i gcomhréir le Clásal 2 den chód iompair seo de chuid an Aontais chun an choinbhleacht leasa shonrach a n-eascraíonn as a chosc nó a bhainistiú;
- (e) i gcás ina n-úsáideann soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe anailísí taighde tríú páirtí, i) cé acu is mó ná 5 % d'ollioncam comhdhlúite sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe sa bhliain airgeadais roimhe sin an t-ioncam a ghintear ón taighde eisitheoir-urraithe sin, nó ii) cé acu is mó ná 5 % d'ollioncam comhdhlúite an anailísí tríú páirtí sa bhliain airgeadais roimhe sin an t-ioncam a ghintear ón taighde eisitheoir-urraithe sin, nó iii) an dá rud. Más amhlaidh atá, sonraítear na céatadán ábhartha, agus déantar na bearta i gcomhréir le Clásal 2 den chód iompair seo de chuid an Aontais chun an choinbhleacht leasa shonrach a n-eascraíonn as a chosc nó a bhainistiú;
- (f) cé acu is cliant de chuid sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe é an t-eisitheoir nó nach ea, nó cé acu a bhí nó nach raibh caidreamh conarthach aige le soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe sin san am a chuaigh thart, lena n-áirítear socrú soláthair leachtachta, le linn an 12 mhí roimh dháta an taighde eisitheoir-urraithe, agus sa chás sin tabharfaidh soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe tuairisc ar chineál an chaidrimh cliaint nó conarthach sin.

Clásal 5

Fad an chonartha agus íocaíocht as taighde eisitheoir-urraithe

1. 2 bhliain ar a laghad a bheidh i dtéarma tosaigh an chonartha arna chomhaontú ag an eisitheoir agus ag soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe. Aon athnuachan ar an téarma tosaigh sin, mairfidh sí ar feadh 1 bhliain amháin ar a laghad.
2. Féadfar a áireamh sa chonradh dá dtagraítear i mír 1 forálacha lena gceadaítear foirceannadh luath an chonartha sin má tá an foirceannadh luath sin bunaithe ar chritéir oibiachtúla, lena n-áirítear sna cásanna seo a leanas:
 - (a) tá scaireanna an eisitheora á ndíliostú;
 - (b) tarlaíonn sé arís agus arís eile nach n-íocann an t-eisitheoir an soláthraí taighde;
 - (c) ní sholáthraíonn soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe an taighde don eisitheoir nó baineann moilleanna córasacha le soláthar an taighde.

Ní fhéadfaidh an t-eisitheoir an conradh a fhoirceannadh luath ar an bhforas nach bhfuil an t-eisitheoir sásta le hábhar an taighde eisitheoir-urraithe ná leis an moladh sa taighde sin.
3. Níor tháinig eisitheoir agus soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe ar chomhaontú maidir le socrú luacha saothair ar dócha go gcuirfeadh sé isteach ar oibiachtúlacht nó ar neamhspleáchas sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe. Níl comhpháirteanna athraitheacha sa luach saothair atá nasctha go díreach nó go hindíreach le hábhar an taighde eisitheoir-urraithe.

4. Íocann an t-eisitheoir 50 % ar a laghad den luach saothair bliantúil le soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe a luaithe is féidir tar éis shíniú an chonartha agus tráth chomóradh bliana an chonartha gach bliain.

Clásal 6

Taighde eisitheoir-urraithe a scaipeadh

An t-eisitheoir a íocann go hiomlán as taighde eisitheoir-urraithe fágann sé go bhfuil an taighde sin inrochtana, nó gur féidir leis an bpobal rochtain a fháil ar an taighde sin saor in aisce. Sa chód iompair seo de chuid an Aontais, meastar go n-íocann an t-eisitheoir go hiomlán as taighde i gcás ina bhfuil toirmeasc conarthach ar sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe an taighde sin a thairiscint ar íocaíocht d'aon duine seachas an t-eisitheoir.

Clásal 7

Taighde eisitheoir-urraithe a thabhairt cothrom le dáta

Le linn théarma an chonartha, déanann soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe a dhícheall nuashonrú ar an taighde sin a fhoilsiú, a luaithe is féidir, tar éis aon fhaisnéis thábhachtach a fhoilsiú ar dócha go mbeidh tionchar mór aici ar ionstraimí airgeadais a chumhdaítear leis an taighde sin. Agus nuashonruithe den sórt sin á bhfoilsiú ag soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe, athraíonn sé lipéad an taighde ó 'taighde eisitheoir-urraithe' go 'cumarsáid mhargaíochta' a luaithe a fhaigheann sé amach nach bhfuil an taighde i gcomhréir a thuilleadh leis na ceanglais a leagtar amach sa chód iompair seo de chuid an Aontais.

Clásal 8

Faisnéis a chomhroinntear le gnólachtaí infheistíochta a úsáideann taighde eisitheoir-urraithe

1. Cuireann soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe an fhaisnéis uile is gá ar fáil, arna iarraidh sin do na gnólachtaí infheistíochta a úsáideann an taighde sin nó a chuireann an taighde sin ar fáil dá gcliaint, chun a mheas cé acu a tháirgtear nó nach dtáirgtear an taighde eisitheoir-urraithe i gcomhréir leis an gcód iompair seo de chuid an Aontais. Cuimsítear na nithe seo a leanas san fhaisnéis sin:
 - (a) achoimre ar an gcomhaontú idir an t-eisitheoir agus soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe, lena n-áirítear an chaoi a n-áirithíonn soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe nach ndéanann na socrúithe luacha saothair leis an eisitheoir dochar d'oibiachtúlacht agus do neamhspleáchas an taighde;
 - (b) mionsonraí ábhartha an bheartais coinbhleachtaí leasa agus an chláir ina ndéantar taifeadadh ar gach coinbhleacht leasa shainitheanta atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar bhearta chun na coinbhleachtaí sin a chosc nó a bhainistiú.

Clásal 9

Taifid a choinneáil

1. Coimeádann soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe na taifid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) an comhaontú idir an t-eisitheoir agus soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe, lena n-áirítear aon socrú luacha saothair is infheidhme;
 - (b) taifid ar íocaíochtaí a rinneadh nó a fuarthas idir an t-eisitheoir agus soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe;
 - (c) faisnéis, lena n-áirítear foinsí na faisnéise sin, a úsáidtear chun taighde eisitheoir-urraithe a tháirgeadh;

- (d) an taighde eisitheoir-urraithe uile a tháirg soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe, nó a chuir sé ar fáil don phobal nó scaip sé ar bhealach eile, lena n-áirítear spriocanna praghais, agus moltaí maidir le ‘ceannach’, ‘díol’ nó ‘sealbhú’;
 - (e) an fhaisnéis uile maidir le coinbhleachtaí leasa, dá dtagraítear i gClásal 2 den chód iompair seo de chuid an Aontais.
2. Coimeádann soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe na taifid dá dtagraítear i mír 1 ar mheán lena bhfágtar gur féidir rochtain a fháil ar an bhfaisnéis chun críoch tagartha amach anseo agus í a aisghabháil arna iarraidh sin do na gnólachtaí infheistíochta ar dáileadh taighde eisitheoir-urraithe orthu agus le comhaontú sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe nó i gcás ina gceanglaítear sin leis an dlí.
 3. Coimeádann soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe na taifid i gcomhréir leis an gClásal seo ar feadh 5 bliana ar a laghad.

Clásal 10

Moltaí taighde eisitheoir-urraithe agus moltaí infheistíochta

Áirithíonn soláthraithe taighde eisitheoir-urraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/958 ón gCoimisiún² is infheidhme maidir le moltaí infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (35), de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1. ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/596/oj>).

² Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/958 ón gCoimisiún an 9 Márta 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin teicniúla rialála le haghaidh na socrúithe teicniúla chun moltaí infheistíochta nó faisnéis eile lena moltar nó lena gcomhairlítear straitéis infheistíochta a chur i láthair go hoibiachtúil agus chun leasana áirithe nó tásca coinbhleachtaí leasa a nochtadh (IO L 160, 17.6.2016, lch. 15. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/958/oj).